



ÉIRE

Comhairle Slándála
na Náisiún Aontaithe
2021 – 2022



Ionbhá / Comhpháirtíocht / Neamhspleáchas

“Cé gur cúis áthais dúinn go bhfuil deireadh leis an bhforéigean, go bhfuil an bheatha á tabhairt slán agus go bhfuil athrú ar an todhchaí, cuirtear i gcuimhne dúinn gach lá na dúshlán a bhaineann leis an tsíocháin a chosaint”

MICHEÁL D. Ó HUIGÍN
Uachtarán na hÉireann

Tús eolais d'Iarratas na hÉireann ar Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe 2021—2022



IRELAND
Comhairle Slándála
na Náisiún Aontaithe
2021 – 2022



Éire agus na Náisiúin Aontaithe



Mar bhall den Chomhairle Slándála san am a chuaigh thart, léiríomar neamhspleáchas, misneach agus comhsheasmhacht. Níl aon phlean claonpháirteach againn. Ba mhaith linn leas an phobail mhóir a dhéanamh agus tacaíocht a thabhairt do na Náisiúin Aontaithe agus don chóras iltaobhach.

(Iomhánna, Grianghraf NA/Yutaka Nagata, Grianghraf NA/Evan Schneider)

CHUAIGH ÉIRE isteach sna Náisiúin Aontaithe i 1955 mar phoblacht óg nach raibh ach théis neamhspleáchas a bhaint amach. Tá sé chomh tábhachtach dúinn inniu agus a bhí sé ní ba mhó ná 60 bliain ó shin.

Oibríonn Éire i gcomhar leis na Náisiúin Aontaithe ar bhealach dáiríre suntasach i gcónaí. Is cuid bhunúsach é den fhéiniúlacht atá againn mar thír. Bíonn sé mar bhonn eolais ag an iompar a bhíonn fúinn go hidirnáisiúnta agus téann sé i bhfeidhm ar an dearcadh idirnáisiúnta atá againn – an tábhacht a leagann muid ar Ionbhá, ar Chomhpháirtíocht agus ar Neamhspleáchas.

Mar stát oileánda – Oileán Domhanda – táimid an-airdeallach nach bhfuil aon rud iomlán eachtrach ná iomlán inmheánach sa domhan idirspeách. Ní chuireann teorainneacha cosc ar fhadhbanna agus ar dhúshláin. Bíonn na dúshláin chéanna ann dúinn uile agus bíonn freagracht orainn uile dul i ngleic leo.

Ar na saolta seo gabhann ceisteanna áitiúla, ceisteanna réigiúnacha agus ceisteanna domhanda i bhfostú ina chéile go minic agus bíonn castacht ag baint leis mar scéal. Níl pas ag géarchéimeanna agus dúshlán na linne seo agus ní aithníonn siad teorainneacha idirnáisiúnta. Ní leor cuir chuige aontaobhacha. Creideann Éire go bhfuil iltaobhachas ríthábhachtach chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin dhomhanda atá amach romhainn. Ní neart go cur le chéile.

Is náisiún beag í Éire a chreideann go bhfuil dualgas uirthi dul i gcomhar go gníomhach leis na Náisiúin Aontaithe agus a bhreathnaíonn ar an mballraíocht sna Náisiúin Aontaithe mar dhearbhu dár saoránacht dhomhanda.

Táimid ag plé leis an tsíocháin a choimeád ar son na Náisiúin Aontaithe ó 1958 i leith. Sa tréimhse sin, ní raibh oiread agus mí amháin ann nuair nach raibh trúpaí de chuid na hÉireann i mbun oibríochtaí coimeádta síochána leis na Náisiúin Aontaithe. Sa lá atá inniu ann, tá Éire i measc na dtíortha is mó ar fud an domhain per capita a chuireann trúpaí coimeádta síochána ar fáil do ghníomhaíochtaí na Náisiúin Aontaithe.

Cuirfidh iarrthóireacht na hÉireann ar Chomhairle Slándála na Náisiúin Aontaithe don téarma 2021 - 2022 a thuilleadh le gníomhaíocht na hÉireann sna Náisiúin Aontaithe.

Ionbhá

MAR THÍR, tuigimid an coilíniú, an choimhlint, an gorta agus ollimirce agus tá macalláí de stair na hÉireann le sonrú in aidhmeanna agus i geuspóir Chairt na Náisiún Aontaithe. Is mian linn todhchaí ina dtuigtear an stair ach nach gcuireann an stair isteach uirthi.

Táimid meáite ar dheireadh a chur leis an mbochtaineacht agus leis an ngorta ar fud an domhain le fada an lá. Tá tuiscint ar leith ag muintir na hÉireann ar an ngorta. Cuimhnímid an trua a léiríodh dúinn agus an fháilte a cuireadh roimh imircigh agus iad ag teitheadh ón ngorta agus ag iarraidh tearmann a fháil. Bíonn sin ar intinn againn agus muid ag iarraidh cabhrú le teifigh sa lá atá inniu ann.

Tá clár comhoibrithe na hÉireann don fhorbairt idirnáisiúnta ar an bhfód le beagnach 50 bliain agus is clár flaithiúil neamhcheangailte é ina ndírítear ar dhaoine atá i ngátar. Chloíomar leis an mbealach sin agus leis na gealltanais a thugamar fiú nuair a bhí deacrachtaí againn féin sa bhaile.


Léiríonn muintir na hÉireann flaithiúlacht agus dlúthpháirtíocht tríd an bhfreagra a thugann siad ar thubaistí daonnúla, idir tubaistí arb é an duine féin is siocair leo agus tubaistí nádúrtha, ar fud an domhain. Tá freagróirí agus eagraíochtaí daonnúla agus comheagraíochtaí áitiúla le sonrú in áit ar bith inar féidir leo cabhrú leis an scéal ach an fhulaingt dhaonna a chosc agus a mhaolú agus dínit a thabhairt do dhaoine arís.

'GORTA', Dealbh chuimhneacháin, Baile Átha Cliath, Éire.

Is saothar chuimhneacháin í an dealbh i gcuimhne ar an dá mhíliún Éireannach, 25% den daonra náisiúnta, a chuaigh ar imirce le linn an Ghorta Mhóir. Fuair milliún Éireannach bás mar gheall ar an ngorta agus ar thinneas agus is é is cúis leis an bhfreagra comhsheasmhach báúil a léirímid i ndáil leis an ngorta agus leis an bhforbairt inbhuanaithe.

Tuigimid mar thír bheag ag a raibh roinnt deacrachtaí riamh anall, a chasta agus a bhíonn an choimhlint agus an dúshlán atá ann do na Stáit le go cloisfear ag leibhéal na Náisiún Aontaithe iad. Agus muid ag druidim leis an gcomóradh céad bliain ar an neamhspleáchas náisiúnta, is féidir linn an taithí atá againn ar an gcoimhlint a réiteach ar an oileán seo a roinnt.

D'fhoghlaimíomar le himeacht na mblianta gur gá dul i ngleic leis na bunchúiseanna a bhíonn le coimhlint má táthar chun an tsíocháin a bhaint amach agus a chothú. Tuigimid an tábhacht a bhaineann le cluas éisteachta a thabhairt do na baill éagsúla sa phobal. Tuigimid go gothaítear an tsíocháin de réir a chéile. Ní mór í a chothú go cúramach agus gach gné den tsochaí a tharraingt isteach: ní féidir an tsíocháin a bhrú ar an bpobal ón mbarr aníos. Tugann Éire an-tacaíocht do cheist na mBan, ceist na Síochána agus ceist na Slándála agus tuigimid go n-eascraíonn an choimhlint as an neamhionannas inscne. Mar sin, bíonn sé ina thosaíocht sna cláir forbartha a chuirimid ar bun mná agus cailíní a chumasú tríd an oideachas agus trí rochtain a thabhairt dóibh ar chúram sláinte agus ar acmhainní. Creidimid go dtéann an choimhlint i bhfeidhm go mór ar mhná agus ar chailíní agus go mba cheart é a chur san áireamh sna gnéithe éagsúla a bhaineann leis an tsíocháin a choimeád agus freagra a thabhairt ar an gcoimhlint agus nach mór rannpháirtíocht i measc na mban agus cailíní a chur chun cinn i ndáil leis an gcoimhlint a réiteach agus an tsíocháin a chur chun cinn.



Comhpháirtíocht

MAR A LÉIRIGH próiseas síochána náisiúnta na hÉireann agus ballraíocht na hÉireann san Aontas Eorpach dúinn, ní neart go cur le chéile. Níl aon mhaitheas leis an aontaobhachas, an taidhleoireacht idirbheartaíochta, an chaomhnaitheacht ná an t-achrann. Ag an gComhairle Slándála, seasfaidh Éire leis na daoine sin a bhfuil cabhair uathu agus tabharfaidh sí guth dóibh siúd nach bhfuil i láthair.

Tá an tsíocháin agus rathúnas i réim ar oileán na hÉireann agus sa réigiún a bhfuil leis an gcomhpháirtíocht agus leis an gcomhar. Chuir an obair a rinneamar i gcomhar le Ballstáit eile go mór le neamhspleáchas, le muinín agus le slándáil na hÉireann seachas iad a laghdú.

Tá traidisiún láidir den idirghníomhú dírithe sa bheartas eachtrach i ndáil leis an gcúnamh daonnúil, an dí-armáil, cearta an duine agus an tsíocháin a choimeád. Tá na luachanna seo ina mbunús leis an ngealltanais a thugaimid don chomhpháirtíocht leis na Náisiúin Aontaithe agus leis na Ballstáit.

Ach cúnamh déthaobhach a thabhairt do na Ballstáit agus ranníocaíochtaí a dhéanamh le Cistí agus le Cláir na Náisiúin Aontaithe, bunaítear an cur chuige atá againn ar chomhpháirtíochtaí láidre chun aghaidh a thabhairt ar an mbochtaineacht agus ar an neamhionannas agus ar an gcomhoibriú chun domhan atá cothrom, síochánta agus inbhuanaithe a chruthú.

Léirítear leis an gceannaireacht a thaispeánamar i ndáil leis na spriocanna forbartha inbhuanaithe agus leis an tiomantas a thaispeánamar i leith an cheartais aeráide an chomhpháirtíochta sin. Díríonn Éire ar na daoine is mó atá ar gcúl, lena n-áirítear tiomantas a thabhairt go leanfar de thacaíocht a thabhairt do na tíortha is lú forbartha. Is iad na mná agus na cailíní is mó a fhágtar in áit na leathphingine agus is é sin an fáth go ndírímid orthu agus go ndéanaimid an-chuid oibre chun a gcearta daonna a chur chun cinn agus a chosaint.



Is é is aidhm leis an gclár cúnamh atá againn, Cúnamh Éireann, an bhochtaineacht, an t-ocras agus riachtanais dhaonnúla a laghdú ach tacaíocht a thabhairt don chúnamh forbartha inbhuanaithe fadtéarmach i níos mó ná 80 tír lena gcruthaítear domhan atá níos cothroime, níos inbhuanaithe agus níos síochánta. (Iomhá, Trócaire)

Neamhspleáchas

TÁ SÉ SA MHIANACH ionainn bearnaí a dhúnadh. Éistimid leis an méid atá le rá ag gach aon taobh agus oibrímid le chéile chun réitigh a shocrú ar dhúshláin dhomhanda.

Léiríomar an bua seo atá againn nuair a shocraíomar an Clár don Fhorbairt Inbhuanaithe 2030 agus na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe in 2015, san éascú a rinneamar i Nua Eabhrac i ndáil leis an Dearbhú do Theifigh agus d'imircigh in 2016 agus sa ról atá againn mar chathaoirleach ar an gCoimisiún um Stádas na mBan. Is gné choitianta sna próisis seo ar fad tiomantas na hÉireann maidir le cluas éisteachta a thabhairt do na guthanna ar fad, comhaontú a bhaint amach agus cuspóir choiteann a aithint.

Mar bhall tofa, mar a léiríomar sna téarmaí a chaitheamar ar an gComhairle roimhe seo, rachaidh Éire i mbun oibre ar bhealach oscailte ionraic ar chlár oibre na Comhairle. Geallaimid go n-oibreimid leis na Ballstáit uile seachas na Ballstáit atá ar an gComhairle amháin. Is é sin an chaoi a dtéimid i mbun ár ngnó.

Nuair a bhíomar mar bhall den Chomhairle Slándála san am a chuaigh thart, léiríomar neamhspleáchas, misneach agus comhsheasmhacht. Déanaimid ár mbealach féin amach. Níl aon phlean claonpháirteach againn. Ba mhaith linn leas an phobail mhóir a dhéanamh agus tacaíocht a thabhairt do na Náisiúin Aontaithe agus don chóras iltaobhach.

Cuirimid na tuairimí atá againn in iúl go soiléir. Táimid meáite ar obair a dhéanamh chun na hathchóirithe agus na hathruithe atá de dhíth ar an gComhairle le fada an lá a chur i bhfeidhm. Is mian linn feabhas a chur ar ionadaíocht agus ar fhreagracht na Comhairle Slándála le gur féidir léi na hionchais atá ag ballstáit na Náisiúin Aontaithe a shásamh mar is ceart. Mar bhall tofa, leanfaimid an bealach sin.

Buanionadaí na hÉireann, Geraldine Byrne Nason, agus í ina cathaoirleach ar an dara cruinniú is seasca den Choimisiún um Stádas na mBan ag Ceannteathrú na Náisiúin Aontaithe, Nua Eabhrac, i mí an Mhárta 2018 ag ar baineadh sprioc thábhachtach amach chun mná agus cailíní tuaithe a chumasú.
(Iomhá, Mná na NA/Ryan Brown)

Bhí muinín ag Éire riamh sna Náisiúin Aontaithe ó chuamar isteach ann mar phoblacht óg. Bheadh téarma ar an gComhairle Slándála 2021 – 2022 ag teacht le comóradh céad bliain bhunú Stát na hÉireann. Tá an meon idirnáisiúnta sin a bhí mar spreagadh againn dul isteach sna Náisiúin Aontaithe blianta ó shin fós againn inniu. Bíonn sé mar sprioc againn i gcónaí a bheith inár mball gníomhach cóir den phobal idirnáisiúnta.

Léirítear an méid sin sa straitéis ‘Éire Dhomhanda’. Geallann Rialtas na hÉireann leis an Straitéis seo go ndéanfar dúbláil ar raon feidhme agus ar thionchar lorg domhanda na hÉireann faoi 2025 agus geallann sé go gcuirfear 0.7% den ollioncam ar fáil don chúnadh forbartha faoi 2030.

Is cuid lárnach an iarrthóireacht ar an gComhairle Slándála dár gclár oibre idirnáisiúnta agus den mheon atá againn mar oileán domhanda agus don ghealltanas a thugaimid nach mór dúinn maireachtáil ar scáth a chéile sa domhan idirspiléach atá againn ar na saolta seo.



Tá Éire rannpháirteach i ngníomhaíochtaí coimeádta síochána na Náisiúin Aontaithe ar bhonn leanúnach ó 1958 i leith. Ar na saolta seo, cuireann Éire an méid is mó trúpaí in aghaidh an duine ar fáil do ghníomhaíochtaí coimeádta síochána na Náisiúin Aontaithe.
(Íomhá, Óglaigh na hÉireann/Fórsaí Cosanta na hÉireann)

**Buanmhisean na hÉireann
chuig Na Náisiúin Aontaithe
i Nua Eabhrac**

1 Dag Hammarskjöld Plaza,
885 Dara Ascaill, 19ú Urlár
Nua Eabhrac, NE 10017
SÁM



**Éire:
Ionbhá.
Comhpháirtíocht.
Neamhspleáchas.**



IRELAND
Comhairle Slándála
na Náisiún Aontaithe
2021 – 2022

